AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT

# GAEILGE

**BONNLEIBHÉAL**

**SIOLLABAS NUASHONRAITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA**

**LE hÉIFEACHT Ó 2010**

## 1. ARDTEISTIMÉIREACHT/BONNLEIBHÉAL

1.1 Tá se i gceist sa siollabas seo:

(i) Freastal a dhéanamh ar shainriachtanais na scoláirí a roghnaigh cúrsa an Bhonnleibhéil sa Teastas Sóisearach nó a comhionann

(ii) Freastal a dhéanamh ar na scoláirí eile a roghnódh an leibhéal seo seachas leibhéal eile.

(iii) Go bhfaigheadh scoláirí an leibhéil seo léargas ar an gcultúr Gaelach.

(iv) Go gcuirfí béim bhreise ar ghabhchumas seachas ar ghinchumas

(v) Go ndíreofaí sa chúrsa seo ar riachtanais an scoláire i saol na hoibre.

### 1.2 An Siollabas

Ins an siollabas seo, tugtar aird faoi leith ar na riachtanais seo:

(a) go ndíreofaí ar a bhfuil sealbhaithe ag na scoláirí a leathnú, a dhoimhniú agus a bhuanú;

(b) go n-aithneofaí cúlraí agus cumais éagsúla na scoláirí;

(c) tuiscint agus meas don Ghaeilge a chothú i sochaí ilchultúrtha agus ilteangach;

(d) go dtabharfaí aitheantas sa teagasc do na scileanna seo; cluastuiscint, labhairt, léamhthuiscint agus scríobh.

## 2. AIDHMEANNA

Is iad seo thíos na haidhmeanna ginearálta a bhaineann le múineadh na Gaeilge ag an leibhéal seo:

(a) Deis a thabhairt do na scoláirí an Ghaeilge a fhoghlaim agus a shaibhriú de réir a n-acmhainne, sa tslí is go mbeidh siad ábalta páirt ghníomhach a ghlacadh i saol dátheangach.

(b) Cumas Gaeilge na scoláirí a fhorbairt i dtreo is go mbeidh gach scil teanga (éisteacht, labhairt, léamh, scríobh) acu de réir a n-acmhainne.

(c) Léargas a thabhairt do na scoláirí ar chultúr agus ar shaíocht Ghaelach na hÉireann agus deiseanna a chur ar fáil dóibh é seo a bhlaiseadh tríd an teanga, an ceol, an stair, an litríocht agus mar sin de.

(d) Féinmheas agus féinmhuinín na scoláirí a chothú trí thuiscint a thabhairt dóibh ar a bhféiniúlacht agus ar a n-oidhreacht chultúrtha.

(e) Go mbeadh mar thoradh ar mhúineadh na Gaeilge go gcothófaí dearcadh dearfach ar fhoghlaim teangacha agus ar chainteoirí teangacha eile mar aon le meas ar chultúir agus ar shaíochtaí eile.

(f) Taitneamh agus spreagadh a sholáthar do na scoláirí i gcomhthéacs na Gaeilge.

## 3. CUSPÓIRÍ MÚINTEOIREACHTA

A chur ar chumas na scoláirí na scileanna teanga - tuiscint, labhairt agus scríobh – a shealbhú mar atá sonraithe thíos. Tá téacsanna dílse (nuachtáin, irisí, blaganna idir ábhar clóite agus ar líne) i gceist le gach tagairt thíos. Meabhraítear go gcuimsíonn an téarma *téacsanna dílse* míreanna den teanga labhartha chomh maith céanna le téacsanna clóite.

### 3.1 Tuiscint

#### (i) Teanga Labhartha (Cluastuiscint)

- Go mbeidh na scoláirí in ann tuiscint a bhaint as treoracha, ceisteanna, eolas agus caint shimplí bunaithe ar ghnáthábhair aiceanta de réir na dTopaicí.

- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as míreanna simplí nuachta agus tuairisce.

- Go mbeidh siad in ann tuiscint a bhaint as fógraí simplí.

#### (ii) Téacsanna Scríofa (Léamhthuiscint)

- Go dtuigfidh na scoláirí bunéirim téacsanna scríofa a bheidh ag teacht go dlúth lena gcuid taithí agus spéise agus a bheidh grádaithe dá réir (m.sh. ailt irise/nuachtáin; scéalta simplí; sleachta as drámaí; dánta/amhráin oiriúnacha).

- Go dtuigfidh siad na mórphointí ábhair i dtéacsanna foirmiúla a bhaineann le saol na hoibre m.sh. foirmeacha oifigiúla.

- Go dtuigfidh siad litreacha agus téacsanna a bhfuil teachtaireacht phearsanta iontu.

- Go mbeidh siad in ann tuscint a bhaint as fógraí agus comharthaí simplí Gaeilge ins na meáin chumarsáide.

**Labhairt**

Go mbeidh na scoláirí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá ar ábhar na dTopaicí.

**Scríobh**

Go mbeidh ar chumas scoláirí tascanna gearra scríbhneoireachta a chur i gcrích m.sh cuireadh, foirm, blag, scéal, ríomhphost, cuntas, nóta srl.

## 4. TOPAICÍ

## LIOSTA NA dTOPAICÍ

### 1. An Scoláire Féin

- ainm, sloinne, aois
- an teaghlach
- an gnáthshaol laethúil sa teaghlach
- saol an chailín/saol an bhuachalla
- ilchultúrachas

### 2. Caitheamh Aimsire

- cúrsaí spóirt (cluichí)
- ceol/rince
- scannáin
- léitheoireacht
- cluichí ríomhaireachta
- suímh shóisialta idirlín
- teilifís, raidió srl

### 3. Ait Chónaithe

- teach/árasán
- na seomraí
- obair an tí
- an nuatheicneolaíocht sa teach
- an gairdín
- peataí
- cúraimí bhaill an teaghlaigh

### 4. Scoil

- ábhair
- múinteoirí
- timpeallacht na scoile
- imeachtaí
- rialacha agus éide
- acmhainní teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide
- amchlár
- laethanta saoire

## 5. An Ceantar Dúchais/Áitiúil

- suíomh
- saghas ceantair: ceantar tuaithe/baile tuaithe/bruachbhaile/cathair
- logainmneacha áitiúla
- an chomharsanacht agus na comharsana
- clubanna
- eaglaisí

## 6. Saol an Bhaile Mhóir

- seirbhísí
- tionscail
- siamsaíocht

## 7. Saol na Tuaithe

- seirbhísí
- feirmeoireacht
- barraí
- ainmhithe
- an dúlra - crainn/bláthanna/éin
- iascaireacht
- an fharraige
- siamsaíocht

## 8. Seirbhísí an Cheantair

- siopaí agus siopadóireacht
- ospidéil
- stáisiún na nGardaí
- oifig an phoist
- ionad pobail
- oifigí rialtais áitiúil
- leabharlanna
- bainc

**9 Obair agus Saol na hOibre**

- slite beatha agus ceirdeanna éagsúla
- obair pháirtaimseartha
- agallaimh
- obair dheonach
- obair phobail
- saol na hoibre
- taithí oibre
- airgead
- roghnú slí bheatha/ceirde
- fostaíocht/dífhostaíocht

**10 Éadaí agus Faisean**

- cineálacha éadaí
- éadaí faiseanta
- fógraíocht
- piarbhrú
- cúrsaí siopadóireachta
- siopadóireacht ar líne
- clár faisin teilifíse
- éide scoile
- faisin na bhfear/na mban

**11. Ceol**

- saghasanna éagsúla ceoil
- na huirlisí ceoil
- bannaí/grúpaí ceoil reatha – amhránaithe
- na cairteacha
- rianta ceoil
- podchraoladh
- liricí
- ceol agus amhráin thraidisiúnta.

**12. Cúrsaí Sláinte**

- bia agus deoch
- baill an choirp

- tinneas agus galair
- timpistí

**13. Fadhbanna an Duine Óig**

- andúileachas
- foréigean
- bochtanas
- bulaíocht ar líne agus eile
- féinmharú
- brú scrúduithe
- piarbhrú

**14. Am agus Aimsir**

- an t-am
- na séasúir
- príomhfhéilte na bliana
- réamhaisnéis na haimsire

**15. Cúrsaí Taistil**

- modhanna taistil (sean agus nua)
- carr, rothar, gluaisrothar, traein, bus, eitleán, spásárthach.
- ceadúnas tiomána
- treonna agus treoracha

**16. Éire agus an Ghaeilge**

- réigiúin agus daoine
- an Ghaeilge i dtimpeallacht an scoláire
- an Ghaeilge sa saol comhaimseartha (teilifís, raidió, nuachtáin, irisí, fógraíocht, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide)
- an Ghaeltacht
- ionad na Gaeilge i gcultúr na hÉireann

**17. Tíortha Eile**

- teangacha
- nósanna
- taisteal agus saoire thar lear

- Éire san Eoraip
- na Gaeil thar lear
- imreoirí sacair

**18. Ábhair eile a gcuireann an scoláire spéis iontu**

**Nóta 1:** Ba chóir go ndéanfaí saothrú teoranta ar na topaicí go léir thuas sa ghabhchumas (cluastuiscint agus léamhthuiscint) agus saothrú ar leith sa ghinchumas ar na topaicí ina measc (nó ar ghnéithe díobh) a bhfuil baint acu le saol agus le réimsí spéise agus taithí na scoláirí.

**Nóta 2:** Is sna topaicí seo a leanas is mó a thagann gnéithe den chultúr Gaelach i gceist - 1, 2, 5, 11, 16, 17. Ní mór saothar speisialta a dhéanamh orthu san.

## 5. FEIDHMEANNA

5.1 Seo liosta de shamplaí feidhmeanna teanga ba chóir a úsáid.

5.2 Tá saoirse ag múinteoirí clár teagaisc a leagan amach a bheadh oiriúnach agus taitneamhach dá scoláirí féin.

5.3 Moltar do mhúinteoirí na feidhmeanna thíos a shaothrú ar mhodh comhtháite san éisteacht, sa teanga labhartha, sa léamh agus sa scríobh.

5.4 LIOSTA NA bhFEIDHMEANNA

### F.1 Ag bualadh le daoine

1.1 gnáthbheannachtaí a thuiscint, a chur agus a fhreagairt
1.2 scaradh - slán a fhágáil
1.3 seoladh / seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin/fóin póca a fháil/a thabhairt
1.4 daoine a chur in aithne
1.5 fiafraí faoi dhaoine eile
1.6 freagraí a thabhairt
1.7 buíochas a chur in iúl
1.8 cur síos a dhéanamh ar dhaoine
1.9 cur síos ar áit/cheantar
1.10 leithscéal a ghabháil
1.11 coinne a shocrú

### F2 Ag lorg / ag tabhairt eolais

2.1 daoine/rudaí/áiteanna a aithint

2.2 cur síos a lorg/a dhéanamh

2.3 rogha a chur in iúl

2.4 a rá go bhfuil rud éigin ar eolas agat

2.5 a fháil amach an bhfuil duine/rud éigin ag teastáil

2.6 a fháil amach an cuimhin le duine rud éigin

2.7 míniú a lorg agus a thabhairt

**F3.** **<u>Ag cur tuairimí agus dearcadh in iúl</u>**

3.1 tuairimí a lorg agus a nochtadh

3.2 spéis/suim a nochtadh

3.3 aontú agus easaontú

3.4 mothúcháin a nochtadh

3.5 dúil a chur in iúl

**F4.** **<u>Ag áiteamh ar dhaoine rudaí a chur i gcrích</u>**

4.1 rudaí a iarraidh ar dhuine eile

4.2 iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh

4.3 cabhair/cúnamh/cuidiú a iarraidh

4.4 a fháil amach agus a chur in iúl go bhfuil tú ábalta/in ann rud éigin a dhéanamh

4.5 rabhadh a thabhairt

4.6 cead a iarraidh agus a thabhairt

**F5.** **<u>Ag leasú na cumarsáide</u>**

5.1 easpa tuisceana a chur in iúl

5.2 ag iarraidh ar dhuine rud a athrá

5.3 rudaí a shoiléiriú

5.4 ag iarraidh ar dhuine focal a litriú

| F1. SPRIOCANNA | SAMPLAÍ |
|---|---|
| 1.1 gnáthbheannachtaí a thuiscint a chur agus a fhreagairt | Dia duit/daoibh<br>Dia is Muire duit/daoibh<br>Tá fáilte romhat/romhaibh.srl |
| 1.2 scaradh slán a fhágáil | Slán leat/libh/agat/agaibh<br>Slán go fóill<br>Oíche mhaith (agat/agaibh) |
| 1.3 seoladh/ seoladh ríomhphoist a fháil/a thabhairt uimhir theileafóin/fóin póca a fháil/a thabhairt | Cá bhfuil tú i do chónaí?<br>Cá bhfuil cónaí ort? srl.<br>Cén uimhir theileafóin atá agat?<br>Cad é d'uimhir fóin póca? |
| 1.4 daoine a chur in aithne | A Shinéad, seo í Aoife<br>Is mise Darach. Cé thusa?<br>Ar bhuail tú le Clár cheana? |
| 1.5 fiafraí faoi dhaoine eile | Conas tá Sorcha?<br>Cén chaoi a bhfuil tú?<br>Goidé mar atá do mháthair?<br>Cá bhfuil Brian?<br>Ar chuala/chluin tú faoi…...? |
| 1.6 freagraí a thabhairt ar F1.5 | Tá sé/sí tinn/breoite<br>Tá sí ag ceolchoirm<br>Tá mé go maith srl |
| 1.7 buíochas a chur in iúl | Go raibh maith agat<br>Táim buíoch díot |
| 1.8 cur síos a dhéanamh ar dhaoine | Táim sé bliana déag d'aois<br>Tá sí ard, tanaí … |
| 1.9 cur síos ar an áit/gceantar | Áit mhór is ea é<br>Tá dhá mhonarcha ann<br>Tá sé suite cois trá<br>Eastát mór is ea é srl. |
| 1.10 leithscéal a ghabháil | Pardún/Mo phardún<br>Gabh/aigí mo leithscéal<br>Tá brón/cathú/aiféala orm srl. |
| 1.11 | |

| | |
|---|---|
| coinne a shocrú | Cathain/Cén uair/Cén t-am a bheidh tú saor?<br>Ar mhaith leat dul amach liom?<br>Buail liom ag ………srl. |

**NÓTA** Tá F1 thuas ag freagairt go scaoilte do na **topaicí** seo a leanas

T1. an scoláire féin, ainm, sloinne, aois

an teaghlach,

saol an scoláire

T3. áit chónaithe

T5. an ceantar dúchais/áitiúil

| F2. SPRIOCANNA | SAMPLAÍ |
|---|---|
| 2.1<br>daoine/rudaí/áiteanna a aithint | Is sráidbhaile é<br>Is racghrúpa é ……<br>Seo/Sin é ………<br>An é/í sin ….?<br>Beidh an<br>dlúthdhiosca seo agam<br>Banaltra is ea í/atá inti<br>Traolach a thugtar air ….<br>is ainm dó srl |
| 2.2<br>cur síos a dhéanamh/a lorg | Tá Sinéad cliste<br>Amhránaí iontach is ea Cheryl/í<br>Is imreoir maith é Liam<br>An/Is/Ní meicneoir í<br>An/Is/Ní tiománaí é<br>Tá mé buartha<br>Tá an jab críochnaithe |
| 2.3<br>rogha a chur in iúl | Is fearr liom Westlife ná JLS<br>Tá sé sin níos fearr<br>Tá an rian ceoil sin níos fearr ná<br>an rian eile<br>B'fhearr liom srl. |
| 2.4<br>a rá go bhfuil rud éigin ar<br>eolas agat/agam | Tá/Níl a fhios agat<br>Níl a fhios agam<br>Níor chuala mé faic/tada<br>Puinn faoi …..srl. |
| 2.5<br>a fháil amach an bhfuil duine/<br>rud éigin ag teastáil<br>a chur in iúl go/nach bhfuil | Ar mhaith leat an ……?<br>An mbeidh deoch agat?<br>Ba mhaith liom …..<br>Tá airgead (ag teastáil) uaim<br>Cad atá uait?<br>Ba mhaith liom labhairt le Clíodhna<br>Tabhair dom é sin más é do thoil<br>é. srl. |
| 2.6<br>a fháil amach an cuimhin leat<br>rud/duine éigin agus a chur in iúl<br>gur/nach cuimhin leat | An cuimhin leat é/í<br>Ní cuimhin liom an oíche sin |
| 2.7<br>míniú a lorg agus a thabhairt | Cén fáth/Cad chuige/Cad ina thaobh?<br>Bhí a fhios agam<br>Conas/Cén chaoi/dóigh a (r) tharla sé<br>Cad é/Céard/Cad a tharla duit? srl. |

## F3. SPRIOCANNA | SAMPLAÍ

| SPRIOCANNA | SAMPLAÍ |
|---|---|
| 3.1<br>tuairim a lorg agus a nochtadh | Céard/Cad a cheapann/mheasann tú?<br>Sílim/Ceapaim/Is dóigh liom<br>Is é mo bharúil<br>Tá sé sin go maith<br>Is maith liom …. |
| 3.2<br>spéis/suim a nochtadh | Tá spéis agam i rac-cheol<br>Tá suim agaim i spórt<br>Is maith liom<br>Tá an obair spéisiúil srl. |
| 3.3<br>aontú agus easaontú | Is ea/Ní hea<br>Tá sé sin go maith<br>Aontaím leat/ní aontaím leat<br><br>Tá/Níl sé fíor/ ceart go leor<br>Táim/Nílim sásta srl |
| 3.4<br>mothúcháin a nochtadh | Tá brón/fearg/áthas orm<br>Tá/Níl mé sásta<br>Tá mé cráite/feargach srl |
| 3.5<br>dúil a chur in iúl | Is mian liom<br>Ba mhaith liom<br>Tá caife uaim |

## F4. SPRIOCANNA / SAMPLAÍ

| SPRIOCANNA | SAMPLAÍ |
|---|---|
| 4.1<br>rudaí a iarraidh | Ar mhaith leat cabhrú liom?<br>Tabhair dom ……. más é do thoil é<br>Ba mhaith liom |
| 4.2<br>iarraidh ar dhuine eile<br>rud éigin a dhéanamh | Ná bí déanach<br>Bí ann ag a hocht<br>Tar go luath<br>Goitse!<br>Buail liom ag an dioscó srl. |
| 4.3<br>cabhair/cuidiú/cúnamh a iarraidh | An féidir leat cabhrú liom?<br>Ar mhaith leat cuidiú le Dara?<br>Táim i dtrioblóid/bponc! srl. |
| 4.4<br>a fháil amach agus a chur in iúl<br>go bhfuil tú abálta/in ann rud éigin<br>a dhéanamh/a chur i gcrích | Is/Ní féidir liom é sin a dhéanamh<br>Tig liom<br>Tá mé ábalta/in ann<br>Beidh sé déanta agam srl. |
| 4.5<br>rabhadh a thabhairt | Bí cúramach<br>Ná déan é sin (arís)<br>Tabhair aire! srl. |
| 4.6<br>cead a iarraidh/a thabhairt | An bhfuil cead agam?<br>An bhfuil sé ceart go leor |

| **F5.** | **SPRIOCANNA** | **SAMPLAÍ** |
|---|---|---|
| | 5.1<br>easpa tuisceana a chur in iúl | Ní thuigim é sin<br>Cad/Céard a dúirt tú?<br>Tá brón orm ach ní thuigim….srl. |
| | 5.2<br>ag iarraidh ar dhuine<br>rud a athrá | Arís?<br>Cad é sin arís?<br>Cad/Céard a dúirt tú?<br>Tá brón orm ach ní thuigim …..srl. |
| | 5.3<br>rudaí a shoiléiriú | Cad is brí le …..<br>Cad/Céard a chiallaíonn ….... |
| | 5.4<br>ag iarraidh focal a litriú | Litrigh …..más é do thoil é.<br>An féidir leat ……a litriú dom srl. |

**Gaeilge: An Ardteistiméireacht**

**Bonnleibhéal**

**An Córas Measúnachta**

Tá an córas measúnachta thíos bunaithe ar na cuspóirí múinteoireachta agus ar na haidhmeanna uile a ghabhann leis an siollabas seo. Tugtar aitheantas sa chóras seo do na scileanna teanga go léir (idir scileanna ginchumais agus scileanna gabhchumais). Maidir le riar na marcanna atá le bronnadh ar na gnéithe éagsúla sin i scrúdú na hArdteistiméireachta, tá aird tugtha ar na hathruithe a fógraíodh le hImlitir 0042/07.

**Nóta:** Is é 600 marc an t-iomlán don scrúdú

1. Beidh páipéar scríofa amháin ann don leibhéal seo.

2. Mairfidh an páipéar dhá uair a chloig* (an 30 nóiméad don scrúdú cluastuisceana san áireamh)

**An Bhéaltriail:** 240 marc = 40%

**Labhairt na Gaeilge**

Déanfar tástáil ar chumas labhartha agus cumarsáide an scoláire trí mheán na Gaeilge.

**An Páipéar Scríofa:** 360 marc = 60%

**Cluastuiscint** (120 marc) **+ Ceapadóireacht** (90 marc) + **Léamhthuiscint** (150 marc)

Scrúdófar cluastuiscint, ceapadóireacht agus léamhthuiscint sa pháipéar seo.

* **Cuirfear 20 nóiméad breise leis an am do na scrúduithe seo** mar chuid den tionscnamh a tugadh isteach do líon áirithe ábhar i 2000 de bhun Tuarascála an Ghrúpa Saineolaithe faoi Scrúduithe Teastais i dtaca leis na socruithe do mheasúnú iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Léireofar an 20 nóiméad breise ar na hamchláir scrúduithe a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit.